2024/773

6.3.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/773 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2024

lena leasaítear Cinneadh 2009/992/AE a mhéid a bhaineann le híoscheanglais le haghaidh sonraí breise atá le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar

(tugadh fógra leis faoi C(2024) 1120)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 16(1), an dara fomhír, de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 16(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ceanglaítear ar na Ballstáit clár leictreonach náisiúnta a choimeád de na gnóthais iompair de bhóthar atá údaraithe ag údarás inniúil atá ainmnithe aige chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar. Cuimseofar sna cláir leictreonacha náisiúnta na sonraí a leagtar amach in Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ar a laghad.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leasaíodh Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, trí fhoráil a dhéanamh maidir le sonraí breise atá le cur isteach sna cláir leictreonacha náisiúnta.

(3) Chun idirnascadh na gclár leictreonach náisiúnta a éascú, tá Cinneadh 2009/992/AE glactha ag an gCoimisiún ([3]). Ba cheart foráil a dhéanamh le Cinneadh 2009/992/AE chun na sonraí breise a chur san áireamh i gcláir leictreonacha náisiúnta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2009/992/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh 2009/992/AE.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 51.
([2]) Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009, (CE) Uimh. 1072/2009 agus (AE) Uimh. 1024/2012 chun go n-oiriúnófar iad d'fhorbairtí in earnáil an iompair de bhóthar (IO L 249, 31.7.2020, lch. 17).
([3]) Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2009 maidir le híoscheanglais le haghaidh sonraí atá le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar (IO L 339, 22.12.2009, lch. 36).

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Catagóir sonraí	Mír sonraí	Tuairisc bhreise ar an réimse sonraí	Fad
An gnóthas iompair	Ainm	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Foirm dhlíthiúil	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-50
	An líon daoine atá fostaithe	Réimse uimhriúil téacs shaoir	1-7
	Rátáil riosca	Réimse uimhriúil téacs shaoir	1-5
	Banda rátála riosca	Dearbhú maidir le ceann de na cineálacha seo a leanas — "Liath" — "Glas" — "Ómra" — "Dearg"	
	Líon iomlán na bhFeithiclí faoi Bhainistiú	Réimse uimhriúil téacs shaoir	1-6
Seoladh	Seoladh	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-150
	Cód poist	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-10
	Cathair	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-50
	Cód tíre	Roghnaithe as cód dhá litir ISO 3166-1 alfa-2	2
Údarú	Cineál	Dearbhú maidir le: — "Ceadúnas Comhphobail le haghaidh iompar paisinéirí" — "Ceadúnas náisiúnta le haghaidh iompar paisinéirí" nó: — "Ceadúnas Comhphobail le haghaidh iompar earraí" — "Ceadúnas Comhphobail le haghaidh iompar earraí, ≤3,5 t go heisiach" — "Ceadúnas náisiúnta le haghaidh iompar earraí"	
	Sraithuimhir an cheadúnais Comhphobail ([1])	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-20
	Dáta tosaigh an cheadúnais Comhphobail	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10

Catagóir sonraí	Mír sonraí	Tuairisc bhreise ar an réimse sonraí	Fad
	Dáta éaga an cheadúnais Comhphobail	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Líon na bhfeithiclí faoi bhainistiú faoin údarú	Réimse uimhriúil téacs shaoir	1-6
	Cláruimhir na feithicle	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-15
	Stádas Údarúcháin	Dearbhú maidir le stádas: — "Gníomhach" — "Ar fionraí" — "Aistarraingthe" — "Éagtha" — "Caillte/goidte" — "Neamhnithe" — "Tugtha ar ais"	
	Dáta tharraingt siar an cheadúnais Comhphobail	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta cur ar fionraí an cheadúnais Comhphobail	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta éaga an cheadúnais Comhphobail	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Cúis leis an gceadúnas Comhphobail a chur ar fionraí nó a tharraingt siar	Dearbhú: — "Gan bunaíocht éifeachtach chobhsaí" — "Gan seasamh airgeadais iomchuí" — "Gan an inniúlacht ghairmiúil is gá" — "Gan dea-chlú" — "Eile"	
	Sraithuimhir cóipe dílse deimhnithe de cheadúnas Comhphobail ([2])	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-20
	Dáta Tosaigh na cóipe dílse deimhnithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta Éaga na cóipe dílse deimhnithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10

Catagóir sonraí	Mír sonraí	Tuairisc bhreise ar an réimse sonraí	Fad
	Dáta tarraingt siar na cóipe dílse deimhnithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta Cur ar Fionraí na cóipe dílse deimhnithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta éaga fhionraíocht na cóipe dílse deimhnithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
Ionadaí dlíthiúil an ghnóthais (i gcás inarb iomchuí) ([3])	Céadainm	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Sloinne/sloinnte	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Dáta breithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Áit bhreithe	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-50
Bainisteoir iompair	Céadainm	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Sloinne/sloinnte	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Dáta breithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Áit bhreithe	Téacs alfa shaoir	1-50
	Uimhir an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-20
	Dáta eisiúna an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Tír eisiúna an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Roghnaithe as cód dhá litir ISO 3166-1 alfa-2	2
	Bailíocht an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Dearbhú maidir le ceann de na stádais seo a leanas: — "Bailí" — "Neamhbhailí"	

Catagóir sonraí	Mír sonraí	Tuairisc bhreise ar an réimse sonraí	Fad
Sárú tromchúiseach	Catagóir	Réimse alfa-uimhriúil a úsáideann luachanna códaithe	
	Cineál	Réimse alfa-uimhriúil a úsáideann luachanna códaithe	
	Dáta an tsáraithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta na seiceála ina bhfuarthas sárú amach	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	An Ballstát ina ndearnadh an sárú a fhionnadh	Roghnaithe as cód dhá litir ISO 3166-1 alfa-2	2
	An fáth gur freagra díréireach é dea-chlú a chailliúint ([4])	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-500
Duine Mí-Oiriúnach	Céadainm	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Sloinne/sloinnte	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-100
	Dáta breithe	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Áit bhreithe	Téacs alfa shaoir	1-50
	Uimhir an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Réimse alfa-uimhriúil téacs shaoir	1-20
	Dáta eisiúna an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Tír eisiúna an deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil	Roghnaithe as cód dhá litir ISO 3166-1 alfa-2	2
	An chúis leis an ndearbhú mí-oiriúnachta	Dearbhú maidir le ceann de na cásanna seo a leanas: — "Sárú ar rialacha náisiúnta" — "Sárú ar rialacha Comhphobail"	

Catagóir sonraí	Mír sonraí	Tuairisc bhreise ar an réimse sonraí	Fad
	Beart athshlánúcháin reatha	Dearbhú maidir le ceann de na cásanna seo a leanas: — "Traenáil iomchuí de thrí mhí ar a laghad" — "Scrúdú ar na hábhair a liostaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009"	
	Dáta tosaigh an dearbhaithe mí-oiriúnachta	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10
	Dáta deiridh an dearbhaithe mí-oiriúnachta	Iontráil sonraí uimhriúla i bhformáid ISO 8601 (BBBB-MM-LL)	10

([1]) Cuirfear an uimhir i gcló san fhormáid chéanna lena bhfuil sí taifeadta sa chlár náisiúnta in aon doiciméad a fhoilseofar a bheidh le coinneáil san fheithicil.
([2]) Cuirfear an uimhir i gcló san fhormáid chéanna lena bhfuil sí taifeadta sa chlár náisiúnta in aon doiciméad a fhoilseofar a bheidh le coinneáil san fheithicil.
([3]) Féach Airteagal 16(2), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009.
([4]) Ní bheidh sonraí pearsanta sa réimse seo ach amháin na sonraí riachtanacha a bhaineann leis an mBainisteoir Iompair.'.